



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2006

---

## GAEILGE - GNÁTHLEIBHÉAL

### PÁIPÉAR I

(220 marc)

---

DÉARDAOIN, 8 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 1.30 go dtí 3.50

---

(Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna trí bheith faillíoch ann.)

**Ceist 1** agus **Ceist 2** a fhreagairt.

---

Freagair do rogha **dhá cheann** de A, B, C, D anseo.

**A - GIOTA LEANÚNACH - (60 MARC)**

Scríobh **giota leanúnach** (leathleathanach nó mar sin) ar **cheann amháin** de na hábhair seo:

- (i) Samhradh na bliana 2005.
- (ii) Éire – an tír is fearr ar domhan.
- (iii) Spórt.

**B - SCÉAL – (60 marc)**

Ceap **scéal** (leathleathanach nó mar sin) a mbeidh **ceann** de na sleachta seo a leanas oiriúnach mar *thús* leis.

- (i) Bhuaigh mé an comórtas don duais-aiste sa scoil. Dhá thicéad eitleáin a bhí sa duais. Chuaigh mé féin agus mo chara ar thuras trí lá go .....

**nó**

- (ii) Tá mé cinnte den phost ba mhaith liom anois. Bhí an taithí oibre san Idirbhliain go hiontach. Thaitin an dá sheachtain sin go mór liom. ....

**C - LITIR - (60 marc)**

- (i) Cheannaigh do theaghlach siopa nua cúpla mí ó shin. Scríobh **an litir** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig cara leat ag cur síos ar an siopa agus ar an obair a dhéanann tú ann.

**nó**

- (ii) Éistean tú le clár raidió gach tráthnóna tar éis na scoile. Ceapann tú go bhfuil an clár go hiontach. Scríobh **an litir** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig an staisiún raidió faoin gclár sin.

**D - COMHRÁ – (60 marc)**

- (i) Tá tú tar éis filleadh abhaile an-déanach ó chóisir. Osclaíonn do mháthair doras an tí duit mar rinne tú dearmad eochair a thógáil leat. Níl sí róshásta leat. Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh idir an bheirt agaibh.

**nó**

- (ii) Ba mhaith leat madra a fháil mar pheata ach níl do mháthair (nó d'athair) sásta. Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh eadraibh.

Freagair **A** agus **B** anseo.

**A – (50 marc)**

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

### SEAN BOYLAN: LAOCH NA PEILE AGUS SAOI NA SLÁINTE

- I bhfad sula raibh ainm Seán Boylan ar eolas ar fud na tíre mar bhainisteoir na Mí, bhí aithne ag a lán daoine air mar shaineolaí sláinte. Bhíodh daoine ag teacht chuige ina theach i nDún Bóinne ag lorg leigheasanna ar phianta agus ar thinneas. Luibheolaí ba ea (agus is ea) é, is é sin d'úsáid sé plandaí chun leigheas a ullmhú a dhéanfadh maitheas do dhaoine a raibh galar orthu.
- I 1982 thóg sé post eile air féin, ag iarraidh sláinte a chur ar ais i gcúrsaí peile na Mí, agus ag iarraidh feabhas a chur ar fhoireann an chontae, a bhí ag déanamh go holc ag an am. Bhí bainisteoir nua ag teastáil agus, nuair a bhí ag teip ar bhord an chontae aon duine a fháil, dúirt Seán go ndéanfadh sé féin an obair go ceann tamaill. Ní raibh tuairim aige go mbeadh sé ann go ceann trí bliana is fiche.



- Chuaigh sé i bhfeidhm ar na himreoirí láithreach. Bhailigh sé painéal le chéile, bhí an traenáil dian ach bhí an t-atmaisféar cairdiúil, agus níorbh fhada go raibh spiorad maith sa champa. Thosaigh an Mhí ag feabhsú de réir a chéile.

D'éirigh leis an bhfoireann dul suas go Roinn a Dó sa tSraith Náisiúnta i 1983, agus i 1984 bhuaigh siad Corn an Chéid, corn speisialta le bunú Chumann Lúthchleas Gael in 1884 a chomóradh. Bhí sé soiléir go raibh Boylan agus an Mhí ag dul sa treo ceart.

- Bhuaigh an Mhí Corn Laighin ocht n-uaire, Craobh na hÉireann ceithre huaire agus an tSraith Náisiúnta trí huaire le linn ré Boylan mar bhainisteoir. Faoin mbliain 1993 bhí cuid d'imreoirí na Mí ag éirí sean, ag éirí as an bpeil, nó gortaithe go minic. Is beag a bhuaigh siad ar feadh cúpla bliain ina dhiaidh sin agus shíl a lán daoine go raibh ré Boylan thart. Ach is ansin a rinne sé gaisce a chinnteoidh a áit i stair CLG (GAA). Tháinig sé ar ais le foireann óg nua agus bhuaigh an Mhí Craobh na hÉireann faoi dhó arís, i 1996 agus i 1999.
- Bhí Seán Boylan fós mar bhainisteoir na Mí i dtús na mílaoise nua. Ní raibh aon bhainisteoir eile ann a thug an oiread céanna blianta ag obair dá chontae dúchais. Rinne sé iarracht an tréimh foireann a chur le chéile. Níor éirigh leis Craobh Laighin a bhuachan an t-am seo, áfach, agus in 2005 d'éirigh sé as a phost tar éis trí bliana is fiche d'obair ghaisciúil. An bhfuil brón ar bith air tar éis an ama sin go léir? Níl. Mar a deir sé féin: "Táim sásta go dearna muid ár ndícheall i gcónaí agus go raibh gach duine cairdiúil ag deireadh an lae." Go mbaine sé taitneamh as a bheith ar pinsean ó chontae na Mí! Tá níos mó ama anois aige le caitheamh ar na luibheanna agus ar na leigheasanna.


Bunaithe ar alt le Ciarán de Paor ar an iris idirlín [www.beo.ie](http://www.beo.ie)

- Cá bhfuil cónaí ar Sheán Boylan? (Alt 1) 10 marc
- Luaigh **dhá** rud a theastaigh ó Sheán a dhéanamh mar bhainisteoir na Mí? (Alt 2) 10 marc
- Ainmnigh rud amháin a tharla i 1983 **nó** i 1984 a léirigh go raibh Boylan agus an Mhí ag dul sa treo ceart. (Alt 3) 10 marc
- Luaigh **dhá** fháth nár bhuaigh an Mhí mórán idir 1993 agus 1995? (Alt 4) 10 marc
- Cén uair a d'éirigh Seán as a phost mar bhainisteoir? Cé mhéad bliain a thug sé mar bhainisteoir? (Alt 5) 10 marc

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

## RÍONA: AN RÉALTA DHÚBAILTE Ó CHORCAIGH

1 Nuair a d'fhill Ríona Ní Bhuachalla ar a baile in Inis Cara i gContae Chorcaí sa tseachtain deiridh de Mheán Fómhair 2005, bhí curiarracht neamhghnách déanta aici. Bhí dhá bhonn uile-Éireann buaite aici taobh istigh den mhí chéanna, ceann sa chamógaíocht agus an ceann eile i bpeil na mban. Laoch í cinnte cosúil le Seán Óg Ó hAilpín an lae inniu, nó le Teddy Mc Carthy sna hochtóidí, beirt eile ó Chorcaigh a bhfuil máistreacht ar an bpeil agus ar an gcamán acu.



2 Cé go bhfuil cónaí ar an teaghlach in Inis Cara, tagann a hathair Tadhg as Achadh Bolg, agus a máthair Eibhlín as Cill Mhichíl. Tá dúil sa Ghaeilge ag an mbeirt tuismitheoirí, agus is breá leis an tseanmháthair, Rena Ní Bhuachalla, an Ghaeilge freisin, agus tugann sise treoir agus tacaíocht do Ríona go rialta. Chuir Ríona spéis sa spórt nuair a bhí sí an-óg; tógadh le camán ina lámh í, d'fhéadfá a rá. Ba é Diarmaid, a deartháir, atá trí bliana níos sine ná í, a céad chompánach imeartha agus iad amuigh ag imirt sa ghairdín. Chláraigh sí leis an gclub áitiúil ar ball, agus thosaigh sí amach ar a turas iontach mar laoch spóirt.

3 Ar scoil i mBiorainn di bhí sí ag imirt iomána agus peile chomh maith le bheith ag staidéar. D'éirigh le Dan O'Mahony, ball agus gníomhaí i gclub peile Dhomhnach Mór, cead a fháil óna muintir ligean do Ríona peil a imirt leis an gclub sin, rud a d'oscail doirse eile di agus a chuir eachtraí iontacha eile ar fáil di. D'éirigh léi dhá bhonn uile-Éireann a bhuachan leis an gclub sin. Bhí sí gafa leis an gcamógaíocht freisin agus í ina dalta meánscoile ar scoil Naomh Alabhaois nuair a bhain an scoil sin craobh Chorcaí.

4 Anois agus í chomh gnóthach sin ar an bpáirc, ag imirt peile agus camógaíochta don chlub agus don chontae, meas tú an raibh aon am fágtha aici don obair scoile agus don ullmhúchán do na scrúduithe? Is cosúil go raibh, mar d'éirigh go hiontach léi san Ardeist; fuair sí pointí arda, agus is scoláire fisiteiripe anois í sa chéad bhliain i gColáiste na hOllscoile i mBaile Átha Cliath. Tá a tallann choirp agus a cumas intinne in úsáid aici sa chúrsa seo.

5 Mar chaitheamh aimsire is maith léi dul amach lena cairde. Taitníonn ceol John Spillane go mór léi. Maidir leis an nGaeilge, atá ar bharr a teanga aici, feictear di go bhfuil an Ghaeilge "cool" i measc daoine óga faoi láthair. Roinneann sí seomraí san ollscoil le cailín as Gaeltacht Chonamara, rud a thugann seans di an teanga a chleachtadh go rialta. Seans maith nach fada eile go gcloisfear óráid eile go hiomlán as Gaeilge ar Ardán Uí Ógáin i bPáirc an Chrócaigh, díreach mar a bhí againn le déanaí ó Sheán Óg agus ó Dharach Ó Cinnéide. Go n-éirí go geal le Ríona sa todhchaí!

*Bunaithe ar alt sa nuachtán SAOL.*

1. Cén churiarracht neamhghnách a rinne Ríona ? (Alt 1). 10 marc
2. Luaigh **beirt** a chabhraigh léi (a) maidir leis an nGaeilge agus (b) maidir leis an spórt (Alt 2). 10 marc
3. Cad a d'éirigh le Ríona a bhaint amach nuair a bhí sí ag imirt le club Dhomhnach Mór? (Alt 3). 10 marc
4. Cén cúrsa atá ar siúl ag Ríona i gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath anois? (Alt 4). 10 marc
5. Luaigh **dhá** rud a thaitníonn le Ríona nuair a bhíonn am saor aici? (Alt 5). 10 marc

# **Leathanach Bán**

# **Leathanach Bán**